2024/2479

3.10.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 125/2024

an 12 Meitheamh 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/2479]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/896 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin theicniúla rialála lena n-oiriúnaítear na bunmhéideanna in euro le haghaidh árachas slánaíochta gairmiúla agus acmhainn airgeadais idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe athárachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha [1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 13e (Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32024 R 0896**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/896 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2023 (IO L, 2024/896, 20.3.2024).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/896 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[1] IO L, 2024/896, 20.3.2024.
(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN